

## Maidir le: Tionól Forbartha Gaeloideachas i bpáirt le COGG

A Phríomhoide, a chara,

Tá súil againn go raibh briseadh deas agatsa agus ag d'fhoireann le linn shaoire an tsamhraidh. Níl an chomhdháil bhliantúil rófhada uainn anois agus is é Tionól Forbartha Gaeloideachas i bpáirt le COGG an t-ainm úr a bheas ar an ócáid i mbliana. Iniata leis an litir seo tá póstaer an Tionóil, móide cáipéisí riachtanacha mar a bhaineann le Cruinniú Ginearálta Gaeloideachas, a bheidh ar siúl lena linn.

## Tionól Forbartha Gaeloideachas i bpáirt le COGG

Is é **Cothrom na Féinne** téama an Tionóil seo agus beidh réimse leathan ceardlann, léachtaí agus cainteanna suimiúla ag díriú ar shainábhair faoi leith don dá leibhéal ar siúl lena linn. Tá clár an-leathan againn le héagsúlacht iontach roghanna ar fáil agus tá muid cinnte de go mbeidh an-tóir agat féin agus ag do chuid múinteoirí ar chinn faoi leith ag brath ar bhur riachtanais féin.

### I measc na gceardlann agus leachtaí dírithe ar an mbunleibhéal, beidh:

- ABD-FFT: Beathaíonn Na Briathra Is Neamhrialta Na Bráithre. Cruinnis agus straitéisí teagaisc na gramadaí (Muireann Ní Bheaglaoich, Teagascóir Gaeilge Trasleibhéil)
- Ag Forbairt Scileanna Eolaíochta agus Mata le Lego WeDo 2.0 (Frank Ó Tormaigh, Gaelscoil Eiscir Riada)
- Ag Saibhriú Teanga le hAcmhainní Digiteacha (Niall Mac Uidhílin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉG)
- Ag Spreagadh na Léitheoireachta: Moltaí Praiticiúla & Acmhainní Úsáideacha (Máire Nic an Rí, COGG)
- Áiseanna CCEA & Séideán Sí (Seán Mac Ní, CCEA)
- Cur siar mhúineadh an Bhéarla: Cúiseanna agus cleachtais (An tOllamh Pádraig Ó Duibhir & Dr Conchúr Ó Brolcháin)
- Cúrsaí Tumoideachais agus Curaclam Teanga na Bunscoile sa suíomh ilranga (An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí)
- Modhanna múinte a chuireann le sealbhú an dara teanga i scoileanna lán-Ghaeilge: Aiseolas ceartaitheach agus cúrsaí gramadaí sna hardranganna (Sylvaine Ní Aogáin, Institiúid Oideachais OCBÁC)
- Pleananna Gníomhaíochta don Oideachas Gaeltachta (COGG)
- Polasaí Gaeilge Uile-Scoile (painéal cainteoirí)
- Riachtanais Speisialta Oideachais agus an múnla nua i leith tacaíochta foghlama (cainteoir le deimhniú)
- Taighde ar Thionchar an Tumoideachais ar Dhaltaí i Scoileanna Lán-Ghaeilge faoi Mhíbhuntáiste (Dr. Karen Ní Chlohasaigh, Institiúid Oideachais OCBÁC)

### I measc na gceardlann agus leachtaí dírithe ar an iarbhunleibhéal i mbliana, beidh:

- ABD-FFT: Beathaíonn Na Briathra Is Neamhrialta Na Bráithre. Cúrsaí gramadaí, cruinnis agus straitéisí teagaisc na gramadaí (Muireann Ní Bheaglaoich, Teagascóir Gaeilge Trasleibhéil)
- An drámaíocht a úsáid mar acmhainn ranga chun an Spáinnis, an Ghaeilge & an Fhraincis a mhúineadh (Rachel Ní Fhionnáin, Gaelcholáiste an Phiarsaigh)
- An Eolaíocht: Torthaí Foghlama á gCur i nGníomh (Dónal Ó Laoire, An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí)

- An tSonraíocht Nua don Ghaeilge (An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí)
- Freastal ar scoláirí le sainriachtanais oideachasúla in iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta (Máire Ní Mhurchadha)
- Múineadh na Mata agus Cúrsaí Teicneolaíochta sa suíomh iarbhunleibhéil (Deborah Ní Cheallaigh, Coláiste Loch Gile)
- Na meáin dhigiteacha sa seomra ranga iar-bhunleibhéil (cainteoir le deimhniú)
- Polasaí Gaeilge Uile-Scoile (painéal cainteoirí)
- Seisiún Eolais ar an tSraith Shóisearach dírithe ar na nua-theangacha (comhairleoirí ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí)
- Teacht le chéile do na hAonaid & Sruthanna lán-Ghaeilge (Gaeloideachas)

I dtaobh an chláir siamsaíochta, tá lúcháir an domhain orainn a fhógairt go mbeidh an banna iomráiteach **Seo Linn** linn oíche Aoine agus tá muid cinnte de go gcuirfeadh an banna go mór le hatmaisféar agus spiorad na hócáide i ndiaidh na gceardlann agus léachtaí ar fad.

## Táillí agus Lóistín

Tá áthas orainn a chur in iúl go bhfuil síneadh ama curtha leis an **ráta iontach mochóirí** atá ar fáil i mbliana agus go bhfuil ráta laghdaithe ann do scoileanna a bhfuil ballraíocht acu leis an eagraíocht:

### Ráta Mochóirí go dtí an 22ú Meán Fómhair :

€60 an duine (Scoileanna le ballraíocht Gaeloideachas)

€85 an duine (gan bhallaíocht)

### Gnáth-tháillí i ndiaidh 22ú Meán Fómhair:

€75 an duine (Scoileanna le ballraíocht Gaeloideachas)

€100 an duine (gan bhallaíocht)

Má tá breis agus triúr ón scoil chéanna ag freastal ar an Tionól, tá cead ag an gceathrú duine freastal ar an ócáid saor in aisce. Tá lascaine ar fáil do phríomhoidí nua-cheaptha freisin ach teagmháil a dhéanamh le Jill ar 01 8535194.

Tá lón agus mórbcéile an Tionóil san áireamh sna táillí seo, mar aon leis an tsiamsaíocht oíche Dé hAoine. Bíonn an-éileamh ar **lóistín** le linn an Tionóil i gcoitinne agus molann muid go láidir do scoileanna lóistín a chur in áirithe chomh luath agus is féidir. Tá ráta speisialta ar fáil do rannpháirtithe an Tionóil. Chun leas a bhaint as an ráta seo, úsáid an cód **GAEL17** ar shuíomh an óstáin nó glaoigh ar 044-9337500. Tá liosta de roghanna eile atá ar fáil sa cheantar máguaird ar fáil ar ár suíomh idirlín.

### Cruinniú Ginearálta Gaeloideachas


Ba mhór linn ár mbaill a spreagadh le bheith lán-rannpháirteach sa Chruinniú Ginearálta, trí ainmniúcháin agus rúin a chur chun cinn ar na foirmeacha iniata leis an litir seo, agus trí fhreastal ar an gcruinniú féin agus vóta a chaitheamh.

**An spriocdháta d'ainmniúcháin ná an 22 Meán Fómhair, agus an spriocdháta do rúin ná an 6 Deireadh Fómhair.** Tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh le Clare Spáinneach má tá aon cheist agat ina leith, ar 01 8535193.

Beidh **Comhdháil An Foras Pátrúnachta** ar siúl ar an Satharn, 25ú Samhain, san ionad céanna agus beidh Cormac McCashin ón bhForas i dteagmháil agus ag plé le scoileanna atá faoina bpátrúnacht le gach eolas amach anseo.

Tá súil againn go mbeidh ionadaithe ó do scoil linn don ócáid mhór seo i bhféilire an oideachais lán-Ghaeilge agus go mbainfidh sibh an-taitneamh agus tairbhe as!

Le dea-ghuí,



Bláthnaid ní Ghréacháin, Ardfheidhmeannach

[bláthnaid@gaelscoileanna.ie](mailto:bláthnaid@gaelscoileanna.ie) | 01 8535195